Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11064 – MACQUARIE / IVANHOE / RHP PARTNERS MANAGER GP / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 114/07)

1. An 21 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Macquarie Real Estate Investments Holdings (Meiriceá Thuaidh), Inc. (STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ, "Macquarie"), atá ina chuid de Macquarie Group,

— RHP Partners-Manager GP, LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá, "RHP"),

— IC USA LP (Stáit Aontaithe Mheiriceá, "Ivanhoe"), faoi rialú Caisse des dépôts et placement du Québec ("CDPQ", Ceanada),

— RHP Partners III, LP (Stáit Aontaithe Mheiriceá, "Comhfhiontar").

Gheobhaidh Macquarie, RHP agus Ivanhoe rialú comhpháirteach ar an gComhfhiontar nuabhunaithe de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Macquarie gníomhach in infheistíocht eastáit réadaigh i Meiriceá Thuaidh,

— Is le RHP pobail tithe réamhdhéanta sna Stáit Aontaithe agus/nó tá pobail den sórt sin á n-oibriú aige,

— Tá Ivanhoe gníomhach i bhforbairt réadmhaoine agus tionscadal eastáit réadaigh ar ardchaighdeán i Meiriceá Thuaidh. Is infheisteoir eastáit réadaigh í a mháthairchuideachta, Ivanhoe Cambridge, atá gníomhach ar an leibhéal domhanda.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gComhfhiontar: úinéireacht agus oibriú pobal tithe réamhdhéanta, agus léasú agus díol tithe réamhdhéanta i bpobail den sórt sin sna Stáit Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11064 – MACQUARIE / IVANHOE / RHP PARTNERS MANAGER GP / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË